

Admháil go bhfuarthas ilghearán faoi shárú a líomhnaítear a rinne an Fhrainc ar rialacha an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcomharbas (Rialachán Uimh. 650/2012)

An uimhir thagartha: CHAP (2022)03325

Tá lear mór gearán faighte ag an gCoimisiún Eorpach maidir le hAirteagal 913 (3) de Chód Sibhialta na Fraince. Tugadh an fhoráil sin isteach le Dlí Uimh. 2021-1109 an 24 Lúnasa 2021 lena ndeimhnítear comhlíonadh phrionsabail na Poblachta. Seo a leanas atá san fhoráil:

‘I gcás inar náisiúnach de Bhallstát den Aontas an duine éagtha tráth a bháis, nó inar náisiúnach de Bhallstát den Aontas duine amháin ar a laghad dá chlann an tráth sin, agus nach gceadaítear leis an dlí eachtrach is infheidhme maidir leis an gcomharbas aon sásra forchoimeáda um chosaint leanaí, féadfaidh gach leanbh nó a chuid oidhrí nó a chuid comharbaí i dteideal cúiteamh a éileamh i ndáil leis an maoin a bheadh suite sa Fhrainc lá an bháis, ionas go ndéanfaí iad a athbhunú maidir leis na cearta dochloíte a dheonaíonn dlí na Fraince dóibh, laistigh de theorainneacha na gceart sin.’

Áitíonn na gearánaigh go bhfuil Airteagal 913 (3) den Chód Sibhialta contrártha do Rialachán Uimh. 650/2012¹ agus, go háirithe, don fhéidearthacht go roghnódh duine gurb é an dlí náisiúnta a rialódh an comharbas ina iomláine dlí náisiúnta a thíre féin.

Rinne an Coimisiún na gearáin sin a iontráil i gclárann lárnach na ngearán faoin uimhir thagartha CHAP(2022)03325. Is féidir eolas breise faoin ngearán atá agat a chur faoi chuig an [seoladh ríomhphoist](#) seo a leanas, ach an uimhir thagartha thuasluaite a lua.

Ós rud é gurb iomaí gearán atá faighte ag ranna an Choimisiúin maidir leis an ábhar sin, tá an admháil fála seo á foilsiú aige [ar an leathanach tiomnaithe den suíomh gréasáin Europa](#) ar mhaithe le freagairt thapa a thabhairt ar na daoine lena mbaineann agus iad a chur ar an eolas, agus de bharr gurbh fhéidir gur chun leasa sciar leathain den phobal an cheist seo atá tarraingthe anuas ag na gearánaigh. Is ar an mbealach céanna a chuirfear na gearánaigh ar an eolas faoi thorthaí an scrúdaithe atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na gearáin sin agus faoi aon bheart leantach a chinnfidh an Coimisiún a dhéanamh.

Déanfaidh ranna an Choimisiúin an gearán a mheas i bhfianaise an dlí is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na tosaíochtaí forfheidhmiúcháin a leagtar síos sa [Teachtaireacht ón gCoimisiún Le droit de l'UE: une meilleure application pour de meilleurs résultats](#) [Dlí an Aontais: Torthaí níos fearr a bhuí le cur i bhfeidhm níos fearr]

Tabhair do d'aire, má chinneann an Coimisiún gníomhú tar éis do ghearán a fháil, trí thús a chur le nós imeachta foirmiúil um shárú cuir i gcás, is é an aidhm ghinearálta a bhíonn aige a áirithiú go bhfuil dlí na mBallstát i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm i gceart. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach réiteach ar do chás sainsiúil féin é gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun sásamh a fháil, cúiteamh san áireamh má tá sin dlite duit, ba cheart duit dul chun caingne ar an leibhéal náisiúnta sa Bhallstát lena mbaineann. Gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ní rud é sin a fhágann go gcuirtear siar an teorainn ama le tús a chur le caingean dlí faoin dlí náisiúnta. Ina theannta sin, agus an Coimisiún ag feidhmiú na lánrogha atá aige,

¹ Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla agus iad a fhorfheidhmiú in ábhair chomharbais agus maidir le Deimhniú Eorpach Comharbais a chruthú.

féadfaidh sé a chinneadh gan tús a chur le nós imeachta foirmiúil um shárú, fiú má mheasann sé gur sáraíodh dlí an Aontais.

Is é an réamhshocrú atá ann gur faoi rún a dhéileálfaidh ranna an Choimisiúin le do ghearán. Sa chás go mbeadh sé roghnaithe ag gearánach san fhoirm ghearáin gan a chuid sonraí a choimeád faoi rún, agus sa chás sin amháin, féadfaidh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh agus aon fhaisnéis eile a chuir an gearánach sin faoina mbráid a nochtadh d'údarais an Bhallstáit arb ina choinne a rinneadh an gearán. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach go noctfadh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh i gcásanna áirithe chun déileáil leis an ngearán.

Tá [sainráiteas próbháideachais](#) i bhfeidhm maidir le láimhseáil na ngearán.